An turasóireacht i gCorca Dhuibhne

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na deacrachtaí atá ag gnóthaí i gCorca Dhuibhne i mbliana. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos na fadhbanna a cheapann sibh atá i gceist. Féachaigí ar an mír ansin. Ar phléigh sibh na topaicí céanna a bhí sa mhír?

Ceist 2 Aimsígí an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo a leanas atá le cloisteáil sa mhír:

- *a source of relief for the hospitality sector*
- *restrictions*
- *listening avidly*
- *crippling blow*
- *get away with, dodge a bullet*
- *in the future*
- *representative*
- *for the attention of the Taoiseach*
- *hanging in the balance, in a critical condition*

Féachaigí ar an mír den dara huair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an mír arís. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

Dónal Ó Catháin
Máire Treasa Uí Shé
Jerry Bácaeir

Ceist 4 Aimsigh sampla amháin de na gnéithe gramadaí seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír.

Ainmfhocal baininscneach: _____
Ainmfhocal firinscneach: _____
Ainmfhocal san uimhir iolra: _____
Aidiacht: _____

Briathar: _____
Réamhfhocal simplí: _____
Réamhfhocal comhshuite: _____
An tuiseal tabharthach: _____
An tuiseal ginideach: _____

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 5 '…*Bí*…'

Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla den bhriathar 'bí' a chloiseann tú inti. Bain úsáid as na samplaí a aimsíonn tú chun abairtí a chumadh faoi do shaol féin. Pléigh do chuid abairtí leis an duine in aice leat. Mar shampla:

'atá': Is mise **atá** i gceannas ar an gclub Gaeilge.

Ceist 6 '…tionscal…'

Is minic a mheasctar brí na bhfocal 'tionscal', 'togra', 'tionscadal' agus 'tionscnamh'. Cuir in abairtí na focail sin lena mbrí a léiriú.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste sula seinntear an tuairisc. Pléigh na tuairimí a bhí ag na foghlaimeoirí go léir tar éis tamall maith cainte a thabhairt do gach beirt an cheist a phlé leo féin.

Ceist 2

- a source of relief for the hospitality sector – *ábhar faoisimh d'earnáil an fháilteachais*
- restrictions – *srianta*
- listening avidly – *na cluasa ar bior*
- crippling blow – *buille tubaisteach*
- get away with, dodge a bullet – *na cosa a thabhairt leat*
- in the future – *sa todhchaí*
- representative – *ionadaíoch*
- for the attention of the Taoiseach – *faoi bhráid an Taoisigh*
- hanging in the balance, in a critical condition – *idir dhá cheann na meá*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá go leor samplaí eile sa mhír.

Ainmfhocal baininscneach:	*earnáil (an earnáil)*
Ainmfhocal firinscneach:	*ábhar (an t-ábhar)*
Ainmfhocal san uimhir iolra:	*srianta*
Aidiacht:	*tubaisteach*
Briathar:	*cur (an t-ainm briathartha)*
Réamhfhocal simplí:	*ag*
Réamhfhocal comhshuite:	*ar feadh*
An tuiseal tabharthach:	*ar an turasóireacht*
An tuiseal ginideach:	(*i rith) an gheimhridh*

Ceist 5

- atá (x5)
- bhí (x2)
- tá (x8)
- táimse
- beidh (x5)
- go mbeifear
- a bheidh
- a bhíonn
- bíonn (x2)
- bhíomar
- má bhíonn
- go mbeidh (x2)

Ceist 6

tionscal – *industry*
togra – *proposal*
tionscadal – *project*
tionscnamh – *initiative*

Emer Ní Chonghaile
Ábhar faoisimh d'earnáil an fháilteachais agus na turasóireachta gur cosúil gur srianta leibhéal 3 atá le cur i bhfeidhm anocht seachas leibhéal 5, mar a bhí molta ag NPHET. Ach tá imní fós san earnáil gur chun déine a rachaidh srianta go luath mura dtabharfar an víreas faoi smacht.

Seán Mac an tSíthigh
Maidin inniu bhí na cluasa ar bior ag Dónal Ó Catháin. Srianta leibhéal 5 molta, buille tubaisteach ag bagairt ar a ghnó tábhairne.

Dónal Ó Catháin
Tá, is dócha, seans éigin faighte againn, séasúr faighte againn amach as i mbliana ach *sure* ní fheadramar cad atá ag teacht romhainn. Beidh seo ar siúl, is dócha bliain eile agus táimse féin scanraithe go mbeifear dúnta ar feadh tamall maith eile arís ach le cúnamh Dé, ní mar sin a bheidh.

Seán Mac an tSíthigh
Tá eacnamaíocht Chorca Dhuibhne ag brath go mór ar an turasóireacht agus séasúr sínte ag baile cosúil leis an Daingean.

Máire Treasa Uí Shé
Fiú amháin i rith an gheimhridh, tá an méid sin rudaí a bhíonn ag tarlú de ghnáth, bíonn an *Food Festival, Other Voices*. Fiú amháin i rith na Nollag, bíonn sé an-ghnóthach timpeall. Is dócha gur thugamar na cosa linn i rith an tsamhraidh nuair a bhíomar oscailte agus rudaí mar sin. Má bhíonn na srianta an-dian arís n'fheadair cad a tharlóidh, beidh sé an-deacair ar ghnónna[1] dul ar aghaidh sa todhchaí anseo.

Seán Mac an tSíthigh
Má scaipeann an galar agus go mbeidh gá le srianta ar leibhéal níos airde amach anseo, deir gnónna beaga go ndúnfar doirse agus go mbeidh gá le tacaíochtaí airgid ón rialtas.

Jerry Bácaeir
Tá cíos, tá árachas, tá gach aon saghas, tá…beidh billí ann agus an áit dúnta *so* caithfidh siad rud éigin a dhéanamh. Caithfidh siad, ambaiste, dul isteach sa *kitty*[2] agus ábhar éigin a chaitheamh timpeall chun rudaí a choimeád ag imeacht mar beidh an-chuid comhlachtaí nach bhfanfaidh ag imeacht, nach n-osclóidh go deo arís.

Inniu do sheol dhá eagraíocht déag atá ionadaíoch ar earnálacha an fháilteachais agus na turasóireachta litir faoi bhráid an Taoisigh. Sa litir, dúradh go raibh na beartais atá molta le cur ar an tionscal anseo níos déine ná mar atá i dtíortha eile san Eoraip agus deineadh[3] éileamh go bhféachfaí ar shlite eile chun dul i ngleic leis an ngalar.

NPHET agus An Rialtas ar mhalairt tuairime inniu ach beidh cinntí[4] móra eile le déanamh sna seachtainí amach romhainn, cothú na ndaoine agus sláinte na ndaoine ar[5] dhá cheann na meá.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4 Corca Dhuibhne

[1] *gnóthaí* an leagan caighdeánach
[2] *ciste* an leagan Gaeilge
[3] *rinneadh* an leagan caighdeánach
[4] *cinní* a dúradh
[5] *idir* an leagan caighdeánach